2024/1337

17.5.2024

CINNEADH (AE) 2024/1337 ÓN mBORD RÉITIGH AONAIR

an 13 Márta 2024

Urscaoileadh i ndáil le cur chun feidhme an bhuiséid agus i ndáil le dúnadh chuntais an Bhoird Réitigh Aonair ("BRA") don bhliain airgeadais 2022

(Is é an téacs Béarla amháin atá barántúil)

TÁ AN BORD RÉITIGH AONAIR,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) Uimh. 806/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Iúil 2014 lena mbunaítear rialacha aonfhoirmeacha agus nós imeachta aonfhoirmeach maidir le hinstitiúidí creidmheasa agus gnólachtaí infheistíochta ar leith a réiteach sa chreat de Shásra Réitigh Aonair agus de Chiste Réitigh Aonair agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1093/2010 ([1]), agus go sonrach, Airteagail 50(1)(b) agus 63(8) den Rialachán SRA,

Ag féachaint d'Airteagail 97, 98 agus 99 de Rialachán Airgeadais an BRA an 17 Eanáir 2020,

Ag féachaint do Chlár Oibre BRA 2022 mar a glacadh é an 29 Meán Fómhair 2021 ('Clár Oibre 2022'),

Ag féachaint do Chuntais Bhliantúla Deiridh BRA don bhliain airgeadais 2021 mar a glacadh iad ar an 26 Meitheamh 2023 ('Cuntais Bhliantúla Deiridh 2022'),

Ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil BRA don bhliain airgeadais 2022 mar a glacadh iad an 8 Meitheamh 2023 ('Tuarascáil Bhliantúil 2022'),

Ag féachaint don Tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa maidir le cuntais bhliantúla an Bhoird Réitigh Aonair (BRA) don bhliain airgeadais 2022, mar aon leis na freagraí ón BRA ('Tuarascáil Bhliantúil 2022 ón gCúirt Iniúchóirí'),

Ag féachaint don Tuarascáil ar Chuntais Bhliantúla Deiridh 2022 lena n-áirítear tuairimí iniúchóireachta an 16 Meitheamh 2022 arna n-ullmhú ag Mazars Réviseurs d'Enterprises ('Tuarascáil Iniúchta Mazars 2022'),

Ag féachaint don Tuarascáil ó Chúirt Iniúchóirí na hEorpa (de bhun Airteagal 92(4) de Rialachán (AE) Uimh. 806/2014) maidir le haon dliteanais theagmhasacha a eascraíonn as feidhmiú a gcúraimí ag an mBord Réitigh Aonair, ag an gComhairle nó ag an gCoimisiún faoi Rialachán SRA don bhliain airgeadais 2022 ('Tuarascáil ar Dhliteanais Teagmhasacha na Cúirte Iniúchóirí 2022'),

Ag féachaint do Thuarascáil Bhliantúil an Iniúchta Inmheánaigh 2022 an 18 Eanáir 2023,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal Aonair

1. Urscaoileadh a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair i ndáil le cur chun feidhme bhuiséad BRA don bhliain airgeadais 2022;

2. Dúnadh na gcuntas BRA a fhaomhadh don bhliain airgeadais 2022;

([1]) IO L 225, 30.7.2014, lch. 1.

3. A thuairimí a leagan amach sa rún thíos;

4. Treoir a thabhairt do Chathaoirleach an Bhoird Réitigh Aonair an Cinneadh seo a chur in iúl don Chomhairle, don Choimisiún agus don Chúirt Iniúchóirí, lena fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh (sraith L), agus ar shuíomh gréasáin BRA a shocrú.

Tiocfaidh an cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a shínithe.

Thar ceann an Bhoird Réitigh Aonair,
Géraldine THIRY
Comhalta Iomlánach